

# GUTH GHOILL

## Athaontú Scoil Mhíobhaigh



Le cúpla bliain anuas bhí sé ar intinn cuid de na da-oine a d'fhreastal ar Scoil Mhíobhaigh go mbeadh sé deas athaontú de na scoláirí agus na múinteoirí a bheith acu. Cosúil le go leor de na hidéanna seo fágadh ar an mhéar fhada í go dtí gur rug cúpla duine ar ruball na hidé agus d'eagraigh siad cruinniú. Ag an chruinniú sin toghadh coiste le Donncha Mac Giolla Bhríde mar chathaoirleach,

Caitlín Ní Dhomhnaill mar rúnaí agus Seán Mac Giolla Bhríde mar chisteoir air. Ag cuidiú leo tá Mícheál Ó Gallchóir, Mícheál Ó Dochartaigh agus Proinsias Ó Cuilinn. Ní thiocfadh liom go leor cur síos a dhéanamh ar an méid oibre atá déanta cheanna ag an chóiste seo. Scríobh siad chuig achan uile dhuine a d'fhreastal ar an scoil agus ar na múinteoirí uilig a theagasc sa scoil; fiú amháin iad sin nár chaith ach coicís nó mar sin ann ag foghlaim a gceird. Tá eolas agus pictiúir á mbailiú acuanois le leabhairín beag a chur amach don ócáid. Duine ar bith a bhfuil sean-grianghraif acu bheadh lúcháir ar an choiste iad a fháil uaibh. Tabharfar aire mhaith dóibh agus gheobhaidh sibh ar ais iad taobh istigh d'am ghairid. Beidh an oíche ag tosach le hAifreann in Eaglais Stella Maris. Tá Donncha agus a choiste ag déanamh scoth na hoibre ar an tógra seo agus tá shúil agam go n-oibreodh achan rud amach dóibh agus go mbeidh oíche go maidin ag iardhaltaí Scoil Mhíobhaigh ar an 11ú Lúnasa.

### Craobh Peile na Gaeltachta— Cáis bliana is fiche ó shin.

Tá sé doiligh a chreidbheáil go bhfuil cùig bliana is fiche ar shiúil tharainn ó bhain na Dúnaibh Comórtas Peile na Gaeltachta i ngráid na Sóisir don chéad uair. Ba seo in Indreabhán i gCo Na Gaillimhe le linn deireadh seachtaine na Cincise 1981 nuair a fuair siad an bhuaidh ar Bhaile na Sceilg as Ciarrai sa chluiche ceannais.

Is dócha gur shil na Dúnaibh nuair a bhain siad Craobh an Chontae i ngrád na Sóisir sa bhliain 1977 go raibh blianta torthúla peile ar an bhealach. Agus nuair nár buadh orthu ach le poinnte amháin sa chluiche ceannais idirmheánach an bhliain ina dhiaidh sin is cosúil gur dhaingnigh seo an dearcadh sin. Ach mar a deir an seanfhocal 'ní mar a siltear a bitear'. Leis an fhírinne a rá bhí roinnt bhlianta ina dhiaidh sin a raibh cuid mhór streachailt chun foireann a chur





na páirce. Is cuimhin liom séasúr peile na bliana '80/'81 nuair a fuair Iorras an bhua orainn le scór mór thios i gCarn Domhnaigh, gur imir neart peileadóiri duinn an lá sin a raibh 'dáta a ndiolta' feicthe acu tamall measartha roimhe sin. Ach sílim gur thiontaigh muid an coirnéal nuair a bhain muid comórtas peile n Gaeltachta sa Chontae ag túis mí na Bealtaine '81 nuair a fuair muid an bhua ar Naomh Micheál, Dún Fionnachaidh, sa chluiche ceannais, cluiche a himriodh i nGleann Cholmcille mar gur ansin a bhí comórtas na bliana sin. Thiocfaí a rá gur thosaigh ré ógra an chumainn an lá sin, ba seo an tréimhse ab fhearr peile a bhí ag an chumann ariamh.

Thosaigh an t-ullmhúchán ceart ansin don



Chomórtas Náisiúnta a bhí le bheith thios i Indreabhán i gCo na Gaillimhe deireadh seachtaine na Cincise. Bus John Joe Joyce a fuarthas chun muid a thabhairt síos agus ba Neil Blaney (óg) as an Milford Inn a rinne urraiocht ar an bhus. Rinne ár n-oifigigh ag an am Den Logue agus Paidí Bradley iarrachtaí móra achan rud a bheith eagraithe i gceart agus d'éirigh thar cion leo. Idir pheileadóiri agus lucht tacailche bhi an bus lán nuair a d'fhág sé na Dúnaibh thart fá leath i ndiaidh a deich maidin Dé hAoine chun aghaidh a

thabhairt ar Ghaillimh. Stop muid i Sligeach chun greim a fháil le hithe agus shíl daoine fosta gur chóir duinn stopadh i gCnoc Mhuire (Knock) mar go mbeadh na paidreacha uilig a dhiobháil orainn. 'Sé an chuimhne is mó atá agam ar an turas ó Shligeach go Gaillimh ná an ceol. Cheol muid rith an bhealaigh as Sligeach agus ba ar an turas sin a fuair muid an chéad bhlás don amhrán sin 'an Dúidín' agus nach Kevin a bhí ábalta é a cheol le tréan bri. Más buan mó chuimhne sílim gur ceoladh an t-amhrán sin thart fá leathdhosaen uaireanta. Ní raibh mórán barúil againn cad é a bhi romhainn thios ó thaobh na peile de agus leoga leis an shírinne a rá bhí neart daoine ann a mheas nach raibh muid ach ag cur amú ár gcuid ama ag dul síos ar chor ar bith. Sílim gur shíl na daoine seo gur síos le deireadh seachtaine maith a bheith againn a chuaigh muid ach bhí cuid mhór traenála déanta ag an fhoireann seo, bhí smacht i bhfeidhm, agus iad dírithe go hiomlán ar an chomórtas. Níl amhras ar bith ná gur chuir an ardmheanman agus an spiorad a bhí ar an bhus go mór le seo.

Shroich muid Indreabhán mall sa tráthnóna agus thosaigh an obair mhór ansin ag fáil achan duine socraithe ina gcuid tithe lóistín agus mar a thuigfear



ba seo obair nach raibh ar dhóigh ar bith furasta ach bhí a chuid oibre déanta go maith ag Paidí agus dheimhan i bhfad go raibh muid uilig inár gcuid leapacha, peileadóiri ar aon nós!

Bhí ár gcéad chluiche againn ag 12:30 maidin lá arna mhárach ar an Cheathru Rua in éadan An Rinn as Port Láirge agus bhi bua fhurasta go leor againn, rud a bhí muid ag suíl leis. Cibé fá na soirne eile bhí muid den bharúil nach mbeadh An Rinn chomh láidir sin agus sin mar a thiontaigh sé amach. Bhí muid sa chluiche leath-cheannais anois agus ba in éadán Tuar Mhic Eadaigh as Muigheo a bheadh muid. Bhí an chluiche seo le himirt againn ar Pháirc na mBreathnaigh tráthnóna Dé Domhnaigh ag a 5 a chlog. Ach bhi fadhb amhain againn. Níor tháinig achan duine saor ón chluiche in éadan An Rinn gan ghortú. Go direach muair a caitheamh isteach an liathróid sa chluiche sin bhris



Marcas Ó Bródlaigh a mhéar nuair a léim sé le greim a fháil ar an liathróid. D'imir sé leis agus scórail sé 1-2 ach bhi sé soileir go leor i ndiaidh an chluiche nach n-imreodh sé aon pháirt eile sa chomórtas muna gcuirfí círiú de shórt éigin uirthi. Thug mé féin agus Marc cuairt ar an dochtúir sna Forbacha i ndiaidh an chluiche agus chuir seisean muid ar aghaidh go dtí an t-Ospideál i nGaillimh. Tháinig Marc amach as an Ospideál agus bindealán iontach toirteach ar an mhéar agus ní raibh dóigh ar bith a dtiocfadh leis chluiche peile a imirt leis. Chomh maith le sin comhairliodh dó gan aon pheil a imirt go ceann seachtaine. Ní scéala ró-mhaith a bhí anseo mar nach raibh painéal róládir do pheileadóiri linn, bhí cuid acu iontach óg agus gan mórán taithí acu. Ag cur achan rud san áireamh shocraigh mé féin agus Marc go gcaithfeadh muid fhéin rud éigean a dhéanamh fán mhéar. Ghearr muid an bindealán don mhéar agus rinne muid dhá phiosa do chipin (cipíni choc-ice) a strapáil ar an mhéar. D'obair seo réasúnta maith agus nach orainn a bhí an t-ádh gur seo an rud a rinne muid mar ins an chluiche leathcheannais tráthnóna Dé Domhnaigh fuair Marc an dá phoinnte ab fhéarr a fuair sé ina shaol - ón taobh líne amuigh sa choirnéal – na poinní a chinntigh go bhfuair muid lámh an uachtair ar Thuar Mhic Éadaigh. Ins an chluiche sin in éadan Thuar Mhic Éadaigh ní raibh an scórail ró-ard, tráthnóna ceobháisteach a bhí ann agus ní raibh na coinniollacha imeartha ró-mhaith. Ní raibh ach pointe an taobh ann ag leath-ama agus nuair a séideadh an sheadóig dheireanach bhí cùig phoinnte ag na Dúnaibh agus dhá phoinnte ag Tuar Mhic Éadaigh. Bhí muid fridanois go dtí an cluiche ceannais. Bhí eachtra amháin sa chluiche seo gur fiú tracht air. Dár ndóigh bhí na cluichi seo uilig a ggraoladh beo ar Raidió na Gaeltachta agus bhí bunadh na háite uilig tiúnaithe isteach agus iad ar imeall a gcuid suiocháin fán bhaile. Ach ní raibh

achan duine ina shuí istigh ag éisteacht mar go raibh tráthnóna álainn samhraidh ann fán bhaile. Bhí Johnny Logue (Johnny Phádraig Shéamais) fear a raibh suim mhór sa pheil aige agus a chuaigh ag na cluichi uilig thart fán bhaile, ina shuí amuigh ar leac an dorais agus an raidió beag láimhe suas lena chluas. Seán Bán Breathnach a bhí ag déanamh an tráctaireachta ar an chluiche leath-cheannais agus ag teacht comhgarach do dheireadh an chluiche agus gan idir na foirne ach dhá phoinnte bhris tosaí ó Thuar Mhic Eadaigh frid agus gan a dhath idir é fhéin agus cul an eangaigh ach Micheál Ó hOireachtaigh (Mici Phaidí Mhánais) cul-baire na nDúnaibh. Shíl Seán Bán gur cul cinnte a bheadh ann agus scáirt sé amach ar an raidió – 'cul, cul, cul.' Ach bhi Seán Bán rud beag 'un tosaigh ar fhéin. 'Sé an rud a tharla ná go bhfuair Mici a lámh leis an liathróid nuair a bhual fear Thuar Mhic Éadaigh i agus bhual sí an trasnán agus ghlan John Mhicí Rua an liathróid suas an cuibhreann arís. Ach níor shan Johnny le seo a chloisteáil, níor chuala seisean ach guth Sheáin Bhán ag scairtigh 'cul, cul, cul' agus shíl seisean go raibh na Dúnaibh buailte. Chaith sé an raidió sios sa ghairdín a bhí os comhair an tí le tréan feirge agus diomá. D'imigh Johnny isteach 'un tí agus é croibhriste agus níor labhair sé focal an chuid eile den oiche ach é ina shui ansin go tromchroioch go dtí go dtáinig Paidí Rua isteach thart fán mheán oiche leis an dea-scéala. Fuair Johnny solas sa phrios agus d'imigh sé amach 'na ghairdín a chuartú an raidió.



Silim go dtabharann an scéal seo léargas díunn, is dócha, ar an bhród agus ar an mhórtas a bhí sa phobal ag an am. Níl a fhios agam an bhfuil a dhath de seo fágtha sa phobal sa lá atá inniu ann. Bhí muid anois sa chluiche ceannais agus bhí an cluiche seo le bheith in éadan Bhaile an Sceiligh as Ciarrai, foireann a raibh sé bainte acu le dhá bliain roimhe sin agus gan eatra agus é a bhaint trí bliana as a cheile ach na Dúnaibh. Bhí scaistéar maith as na Dúnaibh a thiomáin go hIndreabhán

maidin Dé Domhnaigh chun tacaiocht a thabhairt dūinn sa chluiche ceannais agus dár ndóigh bhi scaife de bhunadh na háite ansin fosta ó Bhaile Atha Cliath. Thosaigh an cluiche seo ag a dó a chlog agus nuair a chuir an moltóir deireadh leis an chluiche bhi na Dúnaibh ceithre phoininte 'un tosaigh. Lá mór stairiúil, mórtasach, bródúil a bhi ann don cheantar. Ní dhearna muid corán ceiliúradh i ndiaidh an chluiche as siocar go dtug muid aghaidh díreach ar an bhaile mar go raibh fonn mór orainn an ceiliúradh a dhéanamh sa bhaile le bunadh na háite. Bhi roinnt mhaith caranna ag fanacht orainn ag Leitir Ceanainn agus as sin 'na bhaile. Bhí tinte cnámh, sluaite daoine, agus banna ceoil Dhuibhlinn Riabhach ansin le failte a chur romhainn nuair a shroich muid na Dúnaibh i dtrátha a haon a chlog ar maidin. Bhí leorai ansin ag Teach Mhicí, rinneadh caint agus cuireadh failte mhór romhainn 'na bhaile agus rinne muid an ocaid a cheiliúradh go maidin. Ní dhéanfaidh mé dearmad a choiche gur Johnny Logue an chéad shear a chraith lámh liom nuair a thainig muid amach den bhus ag na Dúnaibh, é ina sheasamh ansin agus na deora áthais ag reáchtáil leis. Ba ansin a d'inis sé an sceál domh faoin raidió ach is cinnte gur chuala mé é minic go leor uaidh ina dhiaidh sin agus leoga bhí roinnt focla sa scéal nach dtig a n-úsáid anseo! Ach bhí cúpla fear eile linn ar an turas a gcaithfi mé a lua fosta mar gur thug siad tacaiocht iontach dūinn le linn na mblianta sin fosta, ba sin Colm Ward agus James 'Ac Fhionlaoch, beirt shear a bhain an-sásamh ar fad as ár mbua i nGaillimh. Tá siad uilig ar shli na firinne anois agus tá mé cinnte gur iomai comhrá a bhíonn acu faoi na cluichí sin más fior a bhfuil sa

leabhar 'Cré na Cille'. Dá dtiocfadh leis na daoine uilig a chuaigh ar an turas sin go hIn-dreasbhán a theacht le cheile agus na scéalta uilig a inse faoin deireadh seachtaine sin tá mé cinnte go mbeadh ábhar leabhair ann – an dá Sally, Joe, (agus) an Cailín Gaelach agus ballai cloiche Chonamara, an Póitin Stil, (bhi an oiread beoir ar an urlár agus a bhí sna bairilli), Paidí Bán agus gan é ag ithe ag an fhaire, agus an séú mac a rugadh naoi mí ina dhiaidh sin!! Agus go leor eile. Cha dtig dearmad a dhéanamh ach an oiread go deachaigh Antoin Mhici sios linn agus gan é ach i ndiaidh a theacht amach as an Oispidéal. Agus nach é a bhí bródúil.

Tá sé roinnt mhaith blianta anois ó thug foireann na nDúnaibh laethanta chomh maith sin dūinn ach nil a fhios ag duine ar bith cad é atá thart an coirnéal. Is cinnte nach raibh a fhios againne mar pheileadóiri agus muid thios ag fail griosáil cheart uaidh Iorras i gCarn Domhnaigh an tráthnóna dorcha úd go raibh an ghrian réidh le theacht amach. **Sin an saol.**

### Ba seo an foireann ar an lá stairiúil úd:

Sean Mac G. Bhríde (Peter)  
C. Mac 'A Bháird

D. Mac G. Bhríde  
S. Ó Buaidhe

M. O hOireachtaigh  
P. Ó Buaidhe  
C. Ó Buaidhe

S. Mac Suibhne

A. Mac Laifeartaigh  
S. Ó Concubhair

S. Mac G. Bhríde  
P. Ó Buaidhe

R. Mac G. Aindrias

P. Mac G. Bhríde  
P. Ó Bródlaigh



## Scéal : In Ainm an Rí.

“Daithí, an ndéanfaidh tú tréimhse oibre oíche ar an tseachtain seo chugainn?” adúirt an tUasal Watts, bainisteoir óstán Ros na Binne, suite sna Dúnaibh ar bhruach Chuan na Long in Iar-Thuaisceart Thír Chonaill. “Maith go leor” a d’fhreagair Daithí Mac Giolla Choinne, an poirtéir, rud beag fríd a chéile, os rud é gur ghnáth leis tréimhsí lae a dhéanamh i gcónaí. Ach ba é an tUasal Watts an bainisteoir i ndeireadh na dála.

Ba leis an 5ú Iarla Liatroma, Charles Clements an t-óstán seo a bhí suite i leithinis Ros Goill, idir Chuan na Long agus Cuan na Maoile Ruaidhe. Ba é an duine gníomhach ag túis na bliana seo 1913 mar bhí sé ar dhuine de na ‘Anti-Home Rulers’ is mó i dTír Chonaill.



Ar an oíche Mháirt dar gcionn, i dtráthá an haon a chlog ar maidin, nuair a bhí an duine deireaneach de na haíonna ar shiúl a luí agus nuair a bhí foireann oibre an bharra ar shiúl ‘na bhaile, rinne Daithí Mac Giolla Choinne turas thart ar an óstán. i ndiaidh deimhniú go raibh doirse agus fuinneoga glasta agus achan rud mar is cóir, shuigh sé síos ar chathaoir chompórdach agus mar is gnáth do phoirteirí oíche, thit sé ina chodladh.

Níor chodlaigh sé ró-fhada, áfach, nuair a mhuscail sé de gheit, agus an bhainisteoir ina sheasamh thairis. Ba lú a eagla ná a iontas áfach, nuair a thug an bhainisteoir comhartha dó é a leantint agus a mhéar ar a liobar. Chuaigh siad síos dorchla beag dorcha ar chúl an óstáin ar a mbarraicín go dtí gur stad siad ag doras oifige, áit a raibh gag beag solais le feiceáil ag bun a’ dorais. Chnag Watts go héadrom ar an doras agus hiarradh orthu isteach i nguth íseal. Má bhí iontas ar Mhac Giolla Choinne roimhe seo, leath a bhéal le hiontas anois nuair a chonaic sé an 5ú Iarla ina shuí ag an tábla i gcuideachta fir eile. Cé nach raibh fhios aige a ainm bhí fhios aige gur tiománaí an Iarla a bhí ann. Ba mhí-choiftanta an rud é an bhainisteoir a fheiceáil i ndiaidh a deich a chlog san oíche ach bhí sé thar a bheith ait an túnéir a bheith anseo i lár na hoíche. Caidé a bhí ag dul ar aghaidh ar chor ar bith?

Thug an tiarna talún cuireadh dóibh cathaoir a tharraingt aníos, rud a rinne Mac Giolla Choinne go neirbhíseach agus d’éist sé nuair a thosaigh an tIarla ag labhairt. “A fhearaibh, labhairim libh anocht mar chomh-ionannaí i mbraitheacht na hAontachta. Ta muidne insan chuid seo

de Ríocht Aontaithe na Breataine agus na hÉireann i mbaol bocht. Deireann ár gceannaire uasal, Edward Carson gurb ionann Rialtas Dúchais agus Rialtas Rómhánach. Má théann lucht an Fhéin Rialtas i mbarr réime, brisfeart an tAontacht go deo agus tá fhios againn caidé’n toradh a bhéas ar sin. Caillfidh muid ár maoin, ár saoirse agus fiú amháin ..... “stad sé chun éifeacht a thabhairt dona chuid focla, “fiú amháin ar mbeatha!” arsa sé. “Tá ár ndaonlathas i gcontúirt ach tá mise ag dul a chur moladh os bhur gcomhair a chuirfeas bac ar an chontúirt sin, le cuidiú Dé. Ach ar dtús bheirim cuireadh d’achan fhear anseo mionna a ghlacadh nach labhairfidh sé fá’n méid a chluinfidh sé anseo anocht”. I ndiaidh dóibh uilig mionna a ghlacadh ar an Bhíobla ag críochnú leis na focla “In ainm an Rí!” leag sé amach an pleán.

D’éist Mac Giolla Choinne ar feadh dheich mbomaite eile le huafas ina chroí fá’n ollbheart a bhí leagtha amach ag an Iarla. Bhí sé de rún aige gunnáí agus armlón a h-allmhairiú ó Cheantar Lár na Breataine chun chur in éadan lucht an Rialtas Dúchais! Chuir dánacht na scéime mearbhalla air agus ba léir dó nár inniu ná inné a beartaíodh seo mar go raibh cuid mhór saothar déanta cheana fein: Bhí teangmháil déanta le hionadaíthe lucht dhéantus na n-airm; bhí slite thar muir agus tir oibriste amach go cúramach agus os rud é go raibh soitheach farraige mór ag an Iarla, an *SS Ganianmore*, chuideodh seo go mór le h-allmhairiú na n-airm. D’amharc sé thart ar an tábla. Bhí aghaidh agus stíle an Iarla ar lasadh le díograis. Bhí Watts ‘ar nós cuma liom’ mar dhea, ach bhí a chorp righin le díochracht. ‘Tá an bheirt sin de’n mheon chéanna’, a smaoinigh sé. Cé go raibh bá aige le cuspóirí an mhuintir os a chionn ní raibh a dhíograis chor a bheith ar chomh-chéim leo. Bhí sé amhrasach fá’n tiománaí. Níor dhóigh leis go mbeadh sé páirteach in scéim mí-dhleathach macasamhail allmhairiú airm do leithid Óglaigh Uladh. An ea fostáiocht nó sábháltacht a bhí i gceist? Ní raibh gá cur i gcuimhne d’einne thart anseo caidé chomh gann is a bhí postanna, go háirithe togha post mar thiománaí. An raibh airgead i gceist? An mbeadh airgead i gceist?

Má bhí Mac Giolla Choinne ag éirí mí-shuaimhneach fá’n bhealach a bhí rudaí ag dul, bhí scéin ag teacht ar an tiománaí. Seo é, ámharach go leor go raibh togha na hoiibre aige agus a chairde uilig dí-fhostaithe. Ba dhearcadh dóchasach, sonasach, gan smúid a bhí aige ar an saol go dtí seo ach anois nach é an drochthuar a bhí os a chomhair? Chonaic sé croisbhealaigh trí bhóthair roimhe: Síos bealach amháin bhí dí-fhostáiocht, cruatan, buaireamh agus imirce. Siar an bealach eile, bhí contúirt: Coinní an mheánoíche, comhcheilg, gabhadh agus príosún da dteipfeadh orthu. Dá n-éireodh leo caidé a bhí i ndán? Bheadh siad ag cur airm i lámha dream an-chontúirteach, le cogadh cathartha agus doirteadh foláir thoradh ar a saothar. Bhí sé idir dhá stól. Macasamhail Mhic Giolla Choinne, níor chuma leis fá’n pholaitaíocht. Ba é an teacht i dtír dó fhéin agus a theaghlaach is mó a chuir de. Ach caidé’n rogha a bhí

aige? D'fhéadfadh an tIarla cibé cuidíú a bhí a dhith air a fháil imeasc na n-oibrithe ar eastát Manorvaughan s'aige fhéin ar bhruach na Maoile Ruaidhe ach bhí eagla air go dtabhairfí fá deara triúr a bheith as láthair ag an am céanna. Ba rud nádúrtha go leor é go rachadh bainisteoir an óstáin ar shiúl ag ceannach troscáin, le cúpla duine le cuidíú leis, mar ba seo i ndairíre an cleas trína raibh siad chun na hairm a allmhairíú.

Mar sin nuair a sheol an *SS Ganimore* síos canáil chungánaíochta a bhí ann, agus an Maoile Ruaidhe idir choillte eastaithe Manorvaughan ar thaobh amháin agus cnoic eibhear Fhánada ar an taobh eile, oíche Mháirt an 11ú Feabhra, 1913 ní raibh rud ar bith mí-choitianta ar siúl. Bhí sé de nós aici dul go Glaschú uair sa tseachtain le lasta agus paisinéirí, a mbunús ag dul ag obair le préataí. Ní raibh cur in áirthítear bith do phaisinéirí nó lasta ag pilleadh dí, áfach, cé nach raibh seo ar eolas ag an phobal.

D'fhág na trí comhcheilgeoirí, Watts, Mac Giolla Choinne, agus an tiománaí an mhaidin chéanna, agus taréis doibh taistéal ó Leitir Ceanainn go Béal Feirste ar an traein, achan fhearr ina aonar, thrasnáigh siad go Heysham i Lancashire ar bhád fharantóireachta de chuid an 'White Star Line' agus ó sin go Birmingham ar an traein, ina n-aonar i rith an ama. D'fhulaing siad turas fadálach, leadhránach fríd réigiún Iar-Thuaisceartacha Lancashire agus Cheshire agus ansin fríd talamh fásáigh súicheach, salach na bPotteries. Ba mhór an faoiseamh dóibh tuirlingt ón dtraein ag stáisiún New St. i mBirmingham. Ag leanstan na dtreoracha a bhí acu, chuaigh siad ar bhus uimhir a 46 go dtí bruachbhaile darbh ainm Sparkbrook, áit a thuirlingt siad ón bhus, taobh amuigh de theach tabhairne mór an 'Red Lion'. Shiúil siad thart an coirnéal isteach in sráid ina raibh a lán tithe stórais ach gan aon tithe cónaithe ann agug tháinig siad ar leoraí 10 dtonna a bhí fágtha ansin fána gcoinne. Bhí socrú déanta roimhre go mbeadh na heochracha folaithe i bprochóg faoi'n roth spáraitte. Agus na heochracha faighte acu, léim siad isteach agus ar shiúl leo chuig a gcéad ceann scriibe - monarcha déantúis troscán i mbaile Solihull i ngar dóibh.

I ndiaidh do na driostuireacha bheith curtha ar an leoraí agus iad ar a mbealach ar ais go teach stórais darbh ainm 'Staffordshire Potteries' i gceantar 'Small Heath' Birmingham, mhothaigh siad splanc beag san atmasféar i gcabán an leoraí. Bhí sé leath i ndiaidh a seacht tráthnóna um a dtrátha seo agus dorchadas na hoíche orthu. Bhí cuma thréigthe ar an áit ach nuair a bhual siad ar an chlog, tarraingíodh siar gréille sa doras agus d'iarr fairitheoir oíche grusach fios a ngnoithe i nglór doicheallach. "Do Dhia agus do Ulaidh, in ainm an Rí" adúirt Watts i nglór íseal. "Sea, Sea" a d'fhreagair an fairitheoir i gcanúint maol Birmingham, ag déanamh neamh-shuim de. Bhain sé an glas den doras, thug comhartha dóibh theacht isteach agus thug culaithe for-éadaí d'achan duine acu, gan labhairt. Fuair sé barra táirní, sháigh isteach é faoi chlár ceann de na crátaí a bhí ina shuí sa choirnéal agus nochtaigh sé an sraith uachtarach de chráta lán de raidhfil 'Lee Enfield'. B'iúd iad ag glioscá-

nach go marbhánta fríd cumhdach cosantach d'ola, rud a chur sceitimíni orthu. D'fhill an fairitheoir go dtína chathaoir agus thosaigh ar an 'Birmingham Evening Echo' a léamh - ba léir nach raibh seisean a dhul a chuidíú leo - agus thosaigh na fir ag lódáil an lasta de 300 raidhfil, 250 gunna láimhe agus bocsáil lón airm.

Nuair a bhí siad críochmaithe chor a bheith trí uaire ina dhiaidh sin, bhí siad ag cur allais go fras agus ní hé amháin de bharr na hoibre! Bhí tuigbheáil an mí-dleathachas agus oll-mhéid an rud a bhí beartaithe acu ag éirí níos soileáire. Ba rud amháin a bheith ag caint agus ag pleánáil an gníomh; ba rud eile ar fad é seilbh, láimhseáil agus iompar na n-airm. Ach ar ndóigh b'in an fáth a raibh siad ansin agus fuair a ndingbhailteacht lámh in uachtair ar a n-imní agus iad ag lónadh na ndriosúr trí ceathrú bealaigh le raidhfil agus an méid a bhí fágtha le meascán de mhín-saibh, soithí de chuid 'Staffordshire Potteries' agus olann chadáis. Fan am a d'fhág siad an teach stórais gruama agus a choimeadaí doicheallach agus thaistil siad trasna na cathrach le dul ar bhóthar an A1 ó thuaidh, bhí sé ag tarraingt ar an mheán-oíche. B'ábhar faoisimh dóibh an dorachadas, mar daoine tuaithe a bhí iontu agus iad cleachtaithe leis. Chomh maith le sin bhí sé ina chompord siceolaíoch dóibh mar, dar leo, gur chuir



sé a ngnó contúirteach agus a lasta phléascach faoi cheilt. I gcionn dhá uair a chloig, tharraing siad ar leataobh, ghlac Mac Giolla Choinne an stiúir agus ar aghaidh leo fríd Preston agus Cumberland. Bhí siad díreach i ndiaidh bheith ag caint fá comh ciúin 's a bhí na bealtáí móra nuair a chonaic siad comhartha do 'Grantham-on-the-Mere' agus dúirt an tiománaí, le scaoll ina ghlór. "Caidé sin romhainn?" Fan am a raibh sin ráite aige, chonaic siad comhartha mór eile le 'DIVERSION' scriofa air, i soilse an leorai agus ag a thaobh sraith de chnaipí loinnreach ar thiunic péas mór ramhar ina sheasamh i lár an bhealaigh mhór lena lámh in airde!

Ba dhobhair do Mac Giolla Choinne taom croí a bheith aige ach rinne sé iarracht ar smacht a choinneál air fhéin agus lig an tiománaí róiste mionnaí móra as. Bhí sé ar a chumas ag Watts canúint réasúnta Shasanach a labhairt, agus tharraing sé gunna amach as a phóca agus dúirt "Glaacaígí go réidh é, déanfaidh mise an chaint" Bhí an t-ádh orthu, áfach, mar ba é an t-aon rud a bhí ciotach ná go raibh tuile ar an bhealach mhór agus bhí sé druidte. Thug an péas na treoracha riachtanacha dóibh,

bheannaigh "Maidin mhaith" dóibh agus d'imigh siad leo ar a mbealach. Cé go raibh siad ag iompair na céadta gunna agus na mílte piléir ba é radharc an 'Webley' i bpóca an bhainisteora a chur ina luí ar Mac Giolla Choinne comh tromchúiseach agus a bhí rudaí agus bhí pian i mbéal a ghoile aige ar feadh an chuid eile den aistear. Rinne siad a mbealach ansin comh tiubh géar 's a thiocfadh leo go dtí an clós-adhmaid ar bhruach an Clyde, clós a bhí faigte acu ar chíos agus ba orthu a bhí an lúchair nuair a chonaic siad go raibh an geata mór go leor leis an leoraí a thiomaint isteach agus go dtiocfadh leo a ngnóithe a chomhlíonadh, ar shiúl ó shuíle fhiosracha ar bith a bheadh a gcoimheád. Ós rud é go raibh rudaí ag dul a mbealach, bhí spion maith oibre orthu agus bhain siad na driostúireacha troma den leoraí in leath an méid ama agus a ghlac sé dóibh iad a lódail. Shocraigh siad síos ansin, ina luí ar shacanna a líon siad le min-saibh, chun scíste agus codladh a bheith acu go dtí go dtiocfadh an bád.

Fan am a gluais an *Ganiomore* síos an abhainn agus chuir sí chun cé ag an chlós-adhmaid, bhí néal de mhín-cheo ag éirí ón abhainn. Chuaigh Watts le labhairt leis an chptaen agus thosaigh na fir agus foireann an bháid ar na driostúireacha a chur ar bhord loinge. Ní raibh fhios ag na máirnéalaigh caidé a bhí sna driostúireacha agus dúirt fear amháin acu, a bhí ag gearán fán mheáchan: "Cad as a bhfuil siad déanta? Luaidhe, an ea? Agus thosaigh sé ag gáire. Ní raibh fhios aige caidé comh cóngarach don fhírinne agus a bhí sé!

Ba dhobhair don chptaen taom apaipleiceach a bheith aige nuair a d'inis Watts dó caidé a bhí idir lámha acu. "An bhfuil a mheabhair cailte aige?" a bhúir sé go piacanach, ag deánamh tagairt don Iarla. "An bhfuil sibh uilig ar dhearg-mhire?" a bhéic sé. "D'fhéadfadh muid fiche bliain sa phríosún a fháil ar shon seo". "Damnú! d'fhéadfadh muid an chuid eile dár saol a chaitheamh i bpriúosún!" D'fhéach sé thart ar an chabán go fianta macasamhail go raibh sé ag cuartú bealach éalaithe as an ríocht gráonna seo. "Coinnígh an ceann" arsa Watts go confach "tá muid ag obair ar shon Dé 's Uladh agus in ainm an Rí agus ansin dúirt sé "agus tabharfar aire mhaith duitse" le na féidireachta uilig a chlúdach.

Ba bheag an seort cainte seo ar an chptaen ach de réir a chéile, idir bagairtí, plámas agus cúpla gloine fial d'uisce bheatha, thug Watts air an beart a chomhlíonadh. I ndiaidh don chptaen guí go dúthrachtach nach dtiocfadh an Royal Navy, H.M.Coastguard, H.M.Customs & Excise, H.M.Constabulary nó H.M. Armed Forces orthu, d'aithin sé go raibh an-chuid achainí déanta aige agus le rudaí a chothromú, thug sé buíochas do Dhia ar shon an cheo agus d'imigh siad leo síos an Clyde. Chuir siad turas trí uair a' chloig tharstu síos an Clyde agus ansin thug siad aghaidh ar An Bhinn Mhór i gContae Aontroma. Ní raibh an chptaen aige fhéin i gceart go fóill, i ndiaidh an geit a bhain Watts as ach mar sin fhéin, shocraigh sé go mbainfeadh sé rud beag difoltas as ar a laghad. Mar sin d'athraigh sé an cursa cúpla céim, i dtreo 's go rachadh

siad isteach i Sruth na Maoile. B'ait seo ar a raibh sean-aithne ag mairnéalaigh siocar comh garbh 's a bhí an fharraige, de bharr sruthanna ag teacht le chéile ann. Dá bhrí sin, ba ghnáth leo an áit a sheachaint. Ní amhlaidh a bhí sé ar an ócaid seo, áfach, agus ba mhór an sult agus pléisiúr a bhain an captaen as an radharc a fuair sé ar Watts agus a chomphánaigh ag caitheamh amach thar ráille na loinge. Bhí an oiread sin lúchair air bheith ag amharc ar Watts agus greim an fhír bháite aige ar an ráille, ní mó ná go ndearna sé dearmad ar an chruachás ina raibh sé féin.

De réir mar a d'imigh cósta na hAlbain as amharc agus iad ag seoladh thar chósta Thuaiscert na hÉireann, mhúch an captaen na soilse uilig ar an long. Chomh maith le bheith mí-dleathach, rud an-chontúirteach ab ea seo, ach dar leis an chptaen a laghad de shuíle fhiosracha ag amharc ar an long ó mhuij nó ó thír ab flearr. Long thai-bhseach a bhí intíanois ag seoladh go fáili fríd an cheo an oíche smúid-ghealaigh seo. Chuir Watts cluas na héis-teachta air fhéin am amháin nuair a shíl sé gur chuala sé cnag éadrom rialta a bhualadh ach stad sé i gcionn tamaill ghearr agus rinne sé neamh-airde. Ba mhór an fhaoiseamh do na comhcheilgeoirí, a bhí bisithe rud beag fán am seo, Ceann Mhálainne a bheith ag teacht in aichead-racht dóibh amach as an dorachadas. Bhí fhios acu nach raibh Ceann Fhánada nó Ceann an Mhill Mhóir, ag béal na Maoile Ruaidhe, i bhfad ar shiúl. "Tá linn, tá limn" arsa an tiománaí le Mac Giolla Choinne agus Watts.

Go luath ina dhiadh sin agus Ceann an Mhill Mhóir i ngiorracht dóibh, tharraing Watts uaireadóir póca amach agus nuair a bhí an uair sroichte, fuair sé lampa na loinge agus rinne sé comhartha trí splanc fhada i dtreo na tíre móire. "Deánaigí deifir, deánaigí deifir" arsa sé go mí-fhoighneach, ag fanacht ar an mhuintir i dtír an freagra deimhneach a thabhairt dó. Fuair sé freagra ceart go leor ach níorbh é an ceann lena raibh sé ag dúil. Amach as dorchadas an Mhill Mhóir tháinig solas oll-mhór glégeal ina raibh solas deich míle coinneal, a las suas muir agus thír soir go Ceann Fhánada. Tháinig glór ard tríd meigean fón ó bhád a bhí ag druidim go gasta leo ó chúl Carraig na bhFrancach: "Seasaigí san áit a bhfuil sibh, in ainm an Rí!"

Le caoinchead Caoimhin Mac a' Bhaird, aistrithe aige ona leabhar 'The Story of Rosapenna'. Achan coipcheart cosainte. ©



## Cápla Seanfhocail:



### An Breithiúnas Deireanach.

Cuireadh an dráma An Breithiúnas Deireanach ar an ardán don chéad uair ar an Aoine 24ú Mí Márta 2006, sa Choláiste Gaeilge sna Dúnaibh. Bhí moltóir i láthair agus slua maith d'fheabhsúdhaí agus ag tabhairt tacaíochta dáinn. Bhí muid ar an ardán arís leis ar an Aoine 31ú Mí Márta i bhféile drámaíochta na Cheathru Ruaidh i nGaillimh, áit a bhfuair Ann Marie duais aisteoireachta, rud a bhí tuillte go mór aici. Bhí an t-ádh linn agus cailíodh muid don Fhéile Náisiúnta sa Spidéal. Chuir muid é ar an ardán arís sna Dúnaibh ar an 23ú Aibreán. Thaisteal muid ó dheas ansin agus cuireadh ar an ardán é Dé Sathairn 29ú Aibreán sa Spidéal. Bhí deireadh seachtaíne ar dóigh againn agus cé nár bhain muid duaiseanna ar bith bhain achan duine sult as, agus dár ndóigh táimid ag súil go mór leis an Fhéile Náisiúnta ar an bhliain seo chugainn mar beidh sé sna Dúnaibh.



Slacann bán dubh, ach ní ighlacann dubh bán.

An té a thabharfaidh scéal chuasat thabharfaidh sé dhá scéal uait.

Is fearr a bheith ag lorg bíobh ná a bheith ag lorg goile.

Báisteach ó Dhia chuasainn ach gán é a bheith fliuch,  
Cuid an lae amáirtear go ndéana sé anocht.

Oriseann an dúchas trí shúilibh an chait.



Is onóir mhór é sin do cheantar bheag s'againne anseo in Iarthuaisceart na tíre agus beidh meitheal fathaigh a dhíth mar beidh cuidiú agus tacaíocht a dhíobháil ó achan ceathrú le sin a eagrú.



Bhí spóirt agus craic againn ar an bhealach leis an Breithiúnas Ógairceanach agus dar ndóigh níl an turas thart go fóill. Táimid ar an ardán ar an 17ú láil sa choláisté dona scoláirí Gaeilge agus táimid ag fágáil na tíre móire don dara uair le dráma. Beidh gach súil ar Oileán Thorthaí tráthnóna Dé hAloine ag deireadh Mhí Lúnasa agus muid ar bharr na dtónn.

Beidh dráma eile ag taisteal na mbóithre ar an bhliain seo chugainn agus duine ar bith a bhfuil suim aeu páirt a ghlacaint nó cuidiú a thabhairt dúinn, ná bígí faiteach agus buailigí linn.



Is dráma cúirté atá sa Bhreithiúnas Ógairceanach suite sa bhliain 1877 ina bhfuil fear darbh ainm Brian Mac Suibhne ar thrial.

Ina éadan tá An t-Ochtú Tiarna Cromail, An Bhantiarna Cromail agus Bean Uí Cromail. Is cara don Tiarna é an Breitheamh George Alister Campbell. Amharccann rudaí ole go leor do Brian ag túis an dráma le achan duine ina éadan agus ní cosantóir ró mhaith atá aige de réir cosúlachta.

Ach ní haingil ar bith iad na Cromailí agus de réir mar a théann an trial ar aghaidh tagann níos mó agus níos mó salachair amach. Is í Máire an cocaire an príomh-fhinné agus siocair gur duine beag soinéanta atá inti ligean sí níos mó amach ná mar is main lei. Ní féidir níos mó ná seo a insint gan an scéal uilig a nocthadh ach coinnígí cuimhne

*"ní mara shíltéar a bhítear".*



**Nach ndéanann caoga bliain duitir iontach?**





*'He who is not strong must be clever'*

## Feadaimó

Tá plean ag Páidí chun Seán Mháire Den a scaoileadh saor ó na saighdiúirí. Tá Feadaimó agus Proinsí Rua ag éisteacht go géar leis mar tá siadsan réidh chun iarracht a dhéanamh an plean a thabhairt chun críche. Tá Conal Óg Mac Giolla Bhríde, fear a chaith seal san arm le Wellington, sásta cuidiú a thabhairt dóibh.

D'amharc Páidí thart agus labhair sé go hiseal leis an triúr acu. "Anois a fheara, cad é a shileann sibh féin do sin?" "Seans maith go n-oibreoidh sé," a dúirt Proinsí Rua, "ach caithfimid a bheith iontach cúramach."

"Maith go leor, imeoidh muid," a dúirt Feadaimó agus sheas sé. Thiontaigh Páidí, "Foighid agat a ghasúir caithfimid fanacht anseo agus an lá oibre a chriochnú nó beidh a fhios ag an domhan mhór agus a aintín gur sibhse a rinne an gníomh." D'aontaigh Conal leis agus shiuil sé anonn ar nós cuma liom chuig a chuid bachtaí féin agus chuaigh i mbun oibre.

Ba é sin an lá a bhí fadalach ag Feadaimó. Cé go raibh sé chomh láidir le fear ar bith ní raibh sé ach trí bliana déag d'aois agus ní raibh foighid mar shuailce aige.

Chuala sé achan bhiog ó na gealbháin, chuir grágail na bpréachán isteach air, agus bhual sé amach go feargach ar achan cuileog a chuaigh ag dordánacht faoina chluasa. Ach dá fhada an lá tiocfaidh an oiche agus de réir a chéile chuaigh an ghrian siar ar chál na gcnoc. Sular thosaigh na míoltóga a n-ithe thréig na fir na bachtaí agus thug aghaidh ar an bhaile. Ba mheitheal Pháidí an ceann deireanach a thug cos don bhóthar. Bhí Proinsí Rua ag déanamh leanbh á niompar aici agus an chuid eile timpeall uirthi agus iad uilig ag caoineadh. "Shil Feadaimó go raibh seo dochreidte. "Níor chuidigh duine ar bith leo?" Thiontaigh Proinsí, "Nil mé ag rá sin, ach thig leat a bheith cinnte, cuidiú ar bith a tugadh dóibh, is i ngan fhios do na hÚdarás a tugadh é. Bhí eagla ar na daoine agus tá go fóill. Is droch-rud ar fad é, a bheith fágtha sa tir seo gan díon idir tú agus an spéir, go hairithe nuair atá páistí nó seandaoine mar dhualgas ort."

choinnigh Páidí aird na bhfear dírithe ar an bhóthar le scéal fá Fhionn Mhac Cumhaill agus cath a throid sé le ollphéist i bpáirc ar an taobh eile den bhóthar.

Nuair a bhí an baicle as radharc thiontaigh Feadaimó agus Proinsí Rua agus d'fhill siad ar a gcoiscéimeanna. Bhí Conal ag fanacht orthu le taobh sean-chró Dhomhnaill Bháin. "Is fearr dúinn fanacht anseo go dtitfidh an ghrian" dúirt sé, "tá síule ag an chnoc agus níl muid gan aithne faoin cheantar seo." Chuaigh an triúir acu isteach agus shuigh siad cál le balla, a gcuid smaointe féin ag achan fhearr acu.

Bhí an sean-chró gan díon, gan doras, gan fiú amháin píosa adhmad le taispeáint go raibh sean-tábla nó sean-stól sa teach tráth den tsaoil. Ní raibh a dhath fágthaanois ach na ballai. Chuaigh an t-am thart agus i ndiaidh tamall labhair Feadaimó. "Cad é a tharla don teach seo nó cad chuige nach bhfuil aon duine ina chónai ann?" D'éirigh Proinsí agus sheas sé ag amharc amach ar an phortach. "Dódh an áit roinnt blianta ó shin nuair a gabhadh ar Dhomhnaill thuas i gContae na Mí. Bhí Domhnall agus baicle fir ar obair shéasúrach fá cheantar na Bóinne nuair a tharla Éirigh amach 1798. Is é sin dhá bhlain sular rugadh tusa Feadaimó. Cibé ar bith, tháinig fir Chille Mhántáin bealach s'acu agus arm na Sasanach sna sála acu. Bhí na cótaí dearga ag scaoileadh fir ghaelacha ar bith a chonaic siad agus ní raibh de rogha ag Domhnall agus a chairde ach rith leis na réabhlóidithe. Sheas na réabhlóidithe an fód i dTeamhair agus rinneadh slad uafásach orthu. Bhí na gunnai móra ag na Sasanaigh agus bhain siad úsáid mhillteanach astu. Níor thaispeáin saighdiúirí An Tiarna Cornwallis trócaire ar bith agus fear ar bith a thug suas, crochadh é. Sin mar a d'fhág Domhnall Bán an saol. Crochadh é agus cùigear dá chuid comhoibrithe faoi radharc an Lia Fáil. Chaith na hÚdarás bean agus clann Dhomhnaill amach ar an tsráid agus dódh an teach. Tugadh rabhadh dona daoine thart faoin cheantar seo gan láimh chuidithe a thabhairt do chlann Dhomhnaill. Bhí seachtar de chlann aige agus gan an gasúr is sine acu ach an bhlain déag d'aois. Bhí bean Dhomhnaill ar ceann de na mná is deise fán áit. Bean a bhí intí nach gcluinfeá focal cùlchainte as a béal ach go díreach chifeadh sí an rud is fearr in achan duine... Chím féin i gCónai nuair a thig tubaiste ar bith, gur ar an duine bocht cneasta a thig sí.

Níl fhios agam cad é a d'éirigh dóibh ar chor ar bith. Is é an radharc deireannach" a fuair duine ar bith de mhuintir na háite uirthi ná, i ag siúl síos an bóthar agus beirt leanbh á niompar aici agus an chuid eile timpeall uirthi agus iad uilig ag caoineadh. "Shil Feadaimó go raibh seo dochreidte. "Níor chuidigh duine ar bith leo?" Thiontaigh Proinsí, "Nil mé ag rá sin, ach thig leat a bheith cinnte, cuidiú ar bith a tugadh dóibh, is i ngan fhios do na hÚdarás a tugadh é. Bhí eagla ar na daoine agus tá go fóill. Is droch-rud ar fad é, a bheith fágtha sa tir seo gan díon idir tú agus an spéir, go hairithe nuair atá páistí nó seandaoine mar dhualgas ort." D'amharc Conal Óg ar Fheadaimó, "sin an dóigh chéanna a chaitheas an obair seo a bheith anocht, nó

beidh muid uilig amuigh ar an bhóthar. Anois a Phroinsí cad é do bharúil? An imeoimid?" "Tá sé go réidh againn sin a dhéanamh a fheara," dúirt Proinsí, "tá cuma fearthainne ag teacht air, i ndiaidh an lá galánta a bhí againn. Goitsigí cuirfimid cúpla míle tharainn idir dall is dorchadas." D'imigh siad leo i dtreo Chill Mhic nÉanáin. Bhí beairic ansin agus bailiodh na priosúnaigh ó na ceantracha thiar thuaidh isteach ann i rith na seachtaine. Coinníodh na priosúnaigh uilig ansin go dtí maidin Dé Luain nuair a tugadh go Lifeart iad. Ní raibh coiscéimeanna an triúir le cluinstin mar choinnigh siad den bhóthar agus ghlac siad bealach Liam na Sopóige trasna an phortaigh. Nuair a chonaic siad soilse an bhaile bhig amuigh rompu thiontaigh siad níos faide soir, mar mheas siad gurb é sin an dóigh ab fhusa theacht ar an bheairic. Bhí an oíche dorcha scamallach agus bhí an ghaoth ag déanamh cogarnach uaigneach i measc dosanna fraoigh agus raithní. Chuala siad tafann madaidh áit éigin sa bhaile agus glór fir ag scairteadh agus ansin ciúnas. Tháinig siad fhad leis an abhair agus chuaigh siad trasna ag áth beag tuairim is céad slat taobh amuigh den bhaile. Bhí ardán beag taobh thoir den bheairic agus luigh siad ansin ag amharc anonn ar dhá shaighdiúir a bhí ag comhrá lena chéile ag an gheasta. Ní áit suntasach ar bith a bhí ann. Seanteach ceann tuí go díreach agus balla cloiche cùig troigh ar airde thart air agus gloine briste sáite san aol ar a bharr. Bhí geasta de chleitheanna adhmaid ar an airde chéanna leis na ballai díreach os comhair doras an tí. Ní raibh fuinneoga ar bith sna ballai agus gan ach doras trom amháin déanta de adhmad crua agus iarann air. Os cionn an dorais bhí sean-lampa pairifín lasta agus é ag caitheamh a sholais lag tuairim is cùig slat amach. Bhí a fhios acu go mbeadh na priosúnaigh sa seomra uachtarach agus saighdiúirí ar bith nach raibh ar dhualgas bheadh siadsan ina gcodladh sa seomra iochtarach. Sa seomra lár bheadh na gardaí, beirt nó triúir, ina suí cos tine ag comhrá nó ag imirt cártai. Tar éis tamall scaip na saighdiúirí taobh amuigh den bhalla óna chéile agus shiúl siad thart ar an bheairic go dtí go dtáinig siad ar a chéile arís ag an gheasta. "Bhail, a fheara, seo é," Dúirt Proinsí, má théann muid coiscéim eile chun tosaigh ón phointe seo nil tiantú siar ann. Níor labhair aon duine den bheirt eile. "Maith sibh, rachaimid ar aghaidh mar sin." Bhain Proinsí píosa de mhóin úr as a phóca agus rann sé é eatarthu. "Cuir neart do sin oraibh agus ní aithneodh bhur máithreacha sibh." Nuair a bhí sin déanta d'amharc Proinsí ar Fheadaímó. "Scanrófa cuid deamhain an diabhail é féin, a ghasiúir. Anois tá a fios agat caidé le déanamh." Níor labhair Fheadaímó ach shleamhnaigh sé ar ais cúpla slat ó imeall an ardáin agus rinne sé a bhealach go formhorthaithe suas i dtreo na beairice. Bhí sean-chairt capaill ar an taobh eile den bhealach agus d'fhan sé ansin ag coimhéad ar na saighdiúirí. Tháinig siad le chéile ag an gheasta agus labhair siad cúpla focal sular thosaigh siad ar an turas gairid arís. Chomh luath is a bhí siad ar shiúl ón gheasta rith Fheadaímó chun na beairice. Tháinig sé fhad leis an gheasta agus chuir sé lámh amháin ar mhullach ceann de na cleitheanna agus léim sé thairis isteach sa

bheairic. Tháinig na saighdiúirí thart arís ach níor thug siad a dhath faoi deara agus d'imigh siad leo arís. Sheas Fheadaímó ar bhairille uisce a bhí ar chúl an tí agus léim sé suas ar an díon. Bhog sé anonn go dtí an seomra uachtarach agus thosaigh sé ag déanamh poill sa tuí le scian a thug Conal Óg dó. Nuair a bhí na saighdiúir ag siúl thart os a chomhair luigh sé gan bogadh ar an díon agus ansin thosaigh sé arís. Ag an phointe seo shiúil Conal agus Proinsí amach ar an tsráid mar a bheadh fir ólta ann agus thosaigh siad ag canadh amhráin. Bhí siad tuairim is daichead slat ar shiúl ón gheasta agus sheas siad ansin ag ceol agus an spéir scamallach ar a gcúl. Nuair a tháinig na saighdiúirí a fhad leis an gheasta, stad siad agus d'amharc siad anonn ar an bheirt. "Looks like a proper pair o' nut cases Georgie boy." dúirt fear amháin acu. "maybe we should move them on eh?" Nah! what harm," d'fhreagair an fear eile. "At least it's something happening in this bog hole." Thosaigh Proinsí ar amhrán eile agus lean Conal isteach leis an churfá. Níor choinnigh siad a dhath ar chúl ach go díreach chomh hard is a bhí siad ábalta na focla a chanadh. Scairt duine éigin ó theach píosa beag níos faide siar. "Druidigí bhur mbéil agus lig do shaoránaigh maithe néal chodlata a fháil" "Arú téigh go hisfreann" dúirt Proinsí agus thosaigh sé ar amhrán eile. Bhí na saighdiúirí ag gáire faoi seo agus thosaigh siad ag scairteadh go spreagúil orthu. Bhí poll déanta ag Fheadaímó faoin am seo agus chuir sé a cheann isteach ann. Ní raibh sé ábalta a dhath a fheiceáil leis an dorchadas. "An bhfuil aon duine ansin" dúirt sé, agus tháinig an glór cogarnaigh ar ais chuige. "Cé thusa" "Is cara mise" dúirt Fheadaímó, agus tá mé ag cuardach an fear as Baile na Finne, tá mé chun é a scaoileadh saor." Tháinig an glór céanna ar ais chuige. "Nil aon duine anseo ó Bhaile na Finne. Tá fear amháin as Gaoth Dobhair, sin mise, beirt as na Rosa agus fear as na Dúnaibh. Bhéinnse iontach buioch duit dá gcuideofá liom fáil amach as seo. Beidh mise a chrochadh acu gan dabht ar bith má gheobhann siad mé a fhad le Lifeart." Tháinig glórtha eile chuige ón dorchadas. Iad uilig ag iarraidh saoirse. "Maith go leor" dúirt Fheadaímó, "ach caithfidh sibh cuidiú a thabhairt domh." Bhí suaimhneas sa seomra anois agus labhair Fheadaímó leo.

**Beidh an cuid eile sa chéad eagráin eile.**

## An Séó Mór.

Ar an Luan an 12ú Meithimh chuir Scoil Naomh Bríd na Dúnaibh agus Scoil Cholm Cille Ó Duibhlin Riabhach, le comhoibriú ó Céim Ániar, An Séó Mór i láthair i gColáiste Gaeilge Ros Goill ag a hacht a clog tráthnóna.

### Rang 1+2 Scoil Cholm Cille—Na Trí Béar-



### Rang 1+2 Scoil Naomh Bríd—Custer agus an Capall Mire.



### Rang 3+4 Scoil Cholm cille—Marcus Ó Mars



## Rang 3+4 Scoil Naomh Bríd—Labhraidh Loingseach.



Tháinig na sluaite an oíche sin leis na páistí a fhiceáil agus bhí an halla plódaithe le daoine. De réir cosúlachta bhain achan duine sult as an oíche agus tá lúcháir orainn faoi sin, mar chuir na páistí leár oibre isteach sna drámaí. Thug na múinteoirí leár tacaíochta don tógra, Eileen Nic Giolla Bhríde, Bríd Nic Giolla Chomhaill, Micheál Mac Laifeartaigh agus Siobhán Ní Ghallchóir i nDúibhlinn Riabhach agus Máire Armitage, Nuala Nic Gairbheith, Maura Nic Laifeartaigh agus Bríd Ní Bheirn sna Dúnaibh. Gan an cineál sin tacaíochta ó na múinteoirí ní bhéadh Séó Mór ar bith ann. Táimid an-bhuioch fosta do Natalie a rinne leár oibre ar na damhsaí dúinn, agus Fiona MacNutt agus iníon Mháire a rinne an-obair ar na cultacha don dráma Custer agus an Capall Mire. Chíonn sibh ó seo gur obair foirne atá ann agus tá brón orainn go bhfuil muid ag cailleadh beirt ón shoireann. Mary Armitage ó Scoil na nDúnaibh agus Micheál Mac Laifeartaigh ó Scoil Ó Duibhlinn Riabhach, agus mar a dúirt an fear úd “go n-éireigh an bóthar leo” cibé cén treo atá bóithre a saoil sínté. Bronnadh Teastas ar na páistí uilig ar son an sár-obair a rinneadar. Duine ar bith a chonaic an Séó Mór tá a fhios acu anois go bhfuil caighdeán maith aisteoireachta agus Gaeilge ag na páistí agus tá súil againn go geuirfidh siad feabhas ar an chaighdeán sin achan bhliain mar is cinnte go bhfuil T.G.4 agus Hollywood ag fanacht ar chuid acu.

Díl contae in Éirinn níos deise na thá,

Díl daoine sa domhan mbóR níos mó a fuar cluá,

Ná mar tā i dTír Chonaill abhus agus thall,

Ó grá gseal mō chroí thá, mo shean-Dán na nGall.



An Roinn Gnóthais Pobail, Tuaithe  
agus Gaeltachta  
Department of Community, Rural  
and Gaeltacht Affairs



Údarás na Gaeltachta

Glor na nGael



Ceannaigh  
Earrai  
Éireannacha